# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

Tá ceisteanna anseo ar dheich dtopaic.
Tá na topaicí seo roinnte mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar chúig thopaic, mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A**;
**dhá** thopaic as **ROINN B**;
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána dón pháipéar = (80 × 5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo le roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte X, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

# ROINN A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is dán eipiciúil ann?

(ii) Cén fáth a dtéann Talthybius agus Eurybates go dtí bothán Aichill?

(iii) Cén fáth a dtéann Patroclus go dtí Aichill agus é ag caoineadh?

(iv) Cé hé Sarpedon? Cad a tharla dó?

(v) Cén mionn a iarrann Eachtar ar Aichill a thabhairt nuair a thugann sé aghaidh air taobh amuigh de bhallaí na Traí?

(vi) Cén duine ar chuir Séas é chun Priam a thionlacan go dtí Aichill? (24)

(*b*) (i) San **Íliad** le Hóiméar, caitheann na mná saol atá an-difriúil le saol na bhfear. Scríobh cuntas ar an ról a imríonn mná (ní bandéithe) san **Íliad**. (24)

(ii) Cé acu bean de na mná (ní bandéithe) san **Íliad** is fearr leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 15 den **Íliad**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Chun tosaigh ar mhuintir na Traí chiceáil Féabas Apalló bruacha na díge isteach go héasca agus rinne carn díobh sa lár, agus cosán leathan fairsing á dhéanamh aige. Anseo phlódaigh muintir na Traí trasna rang I ndiaidh ranga. Apalló chun tosaigh orthu, agus a lúireach (sciath chosanta) luachmhar in airde aige. Ansin, leis an éascaíocht chéanna, leagann an dia balla na nGréagach anuas, mar a leagann buachaill caisleán gainimh cois farraige: tógann sé é chun pléisiúr a thabhairt dó féin, mar is nós le páistí, agus ansin lena lámha agus a chosa scriosann sé an rud go léir ar mhaithe le spraoi – is mar sin, a Apalló, a mhill tusa iarrachtaí na nGréagach agus a chuir tú scaoll ag borradh iontu. Stad ní dhearna na Gréagaigh go dtí gur bhain siad a gcuid long amach.

(i) Sa sliocht thuas, conas a chabhraíonn Apalló le muintir na Traí? (6)

(ii) Sainaithin an tsamhail sa sliocht. Dar leat, an samhail mhaith í? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar an **Íliad**, luaigh sampla eile de conas a chabhraíonn Apalló le muintir na Traí. (6)

(iv) Ainmnigh **dhá** dhia nó bhandia a chabhraigh leis na Gréagaigh san **Íliad**. (6)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Nuair a d'éirigh na hIónaigh amach sa bhliain 494 R.Ch, conas a chabhraigh muintir na hAithine leo?

(ii) Cén fáth a ndearna na Spartaigh moill sular chuir siad cúnamh chuig mhuintir na hAithine ag Maratón?

(iii) Cén fáth ar sheol na Peirsigh timpeall ar Sunium tar éis Chath Mharatóin?

(iv) Cén fáth ar chaoin Xeirxéas deora tar éis dó a chuid saighdiúirí a léirbhreithniú ag Abydos?

(v) Cén fáth ar lig Xeirxéas do spiairí Gréagacha a bhí gafa filleadh ar an nGréig?

(vi) Cad a tharla do Teimisticléas sa bhliain 472 R.Ch? (24)

(*b*) (i) Cén fáth ar shocraigh Mardonius an Ataic a fhágáil sa bhliain 479 R.Ch. agus ionad a ghlacadh gar don Téibh? (8)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar Chath Platae. (16)

(iii) Cad a rinne Pausanias nuair a tháinig sé go puball Mardonius tar éis Chath Platae? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas maidir le nósanna Peirseacha as **Na Leabhair Staire** le Héaradatas. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tar éis bheith misniúil i gcath, is é príomhchruthú na fearúlachta ná bheith i d'athair ar chlann mhór buachaillí. Iad siúd a bhfuil an líon is mó mac acu faigheann siad bronntanas bliantúil ón rí. Is í an tréimhse oideachais don bhuachaill ná idir aois a cúig agus fiche, agus ní mhúintear ach trí rud dóibh: marcaíocht, conas bogha a úsáid, agus an fhírinne a labhairt. Roimh aois a cúig maireann buachaill in éineacht leis na mná agus ní fheiceann sé a athair riamh. Dar liom is cleachtas maith é sin. Is maith liom an nós freisin a choisceann ar an rí go fiú fear a chur chun báis i ngeall ar choir aonair, agus a choisceann ar Pheirseach ar bith pionós a ghearradh ar sheirbhíseach trí ghortú uafásach a chur air.

(i) De réir an tsleachta thuas, cén rud a mheas na Peirsigh, i ndiaidh bheith misniúil i gcath, a bheith ar phríomhchruthú na fearúlachta? (6)

(ii) Cad a insíonn Héaradatas dúinn maidir le cúrsaí oideachais don bhuachaill Peirseach? (6)

(iii) Cén tuairim atá agat den an oideachas sin? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iv) Luaigh **dhá** rud maidir le nósanna Peirseacha a bhfuil meas ag Héaradatas orthu. (6)

(80 marc)

**[Thall**

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén rud a mheas Sócraitéas a bheith ina chéad dualgas ag fear giúiré?

(ii) Cén teoiric a bhí ag Anaxagoras maidir leis an ngealach?

(iii) Cén t-ordú a thug an Tríocha Coimisinéir do Shócraitéas agus do cheathrar eile?

(iv) Ainmnigh an dráma ina "n-iompraítear Sócraitéas thart agus é ag fógairt go bhfuil sé ag siúl ar aer". Cé a scríobh an dráma seo?

(v) Cad ba dheoch ofrála ann? Cén fáth nach raibh cead ag Sócraitéas ceann a dhéanamh ón gcupán den mhoing mhear?

(vi) Cén fáth ar chuir na hAithinigh bád go dtí Déileas gach bliain? (24)

(*b*) (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchúisimh a rinneadh ar Shócraitéas san **Apologia** le Platón. (8)

(ii) Conas a fhreagraíonn Sócraitéas na cúisimh sin? (16)

(iii) Luaigh gné **amháin** de charachtar Shócraitéas a thaitníonn leat **nó** nach dtaitníonn leat. Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Phaedo** le Platón agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is léir go gceapann tú go bhfuil níos lú léargais agam ar an todhchaí ná mar atá ag eala; toisc nuair a mhothaíonn na héin sin go bhfuil uair a mbáis tagtha, go gcanann siad níos láidre agus níos binne ná mar a chan siad le linn a saoil roimhe sin, le gliondar go bhfuil siad ag imeacht i láthair an dé arb iad a sheirbhísigh iad. Níl sé ceart ar chor ar bith ag daoine a rá go gcanann na healaí a n-amhrán deiridh i ngeall ar bhrón toisc go bhfuil a mbás ag teacht. Creidim go bhfuil cumhachtaí fáistine ag na healaí, ar le hApalló iad, agus go gcanann siad de bhrí go bhfuil a fhios acu na rudaí maithe atá i ndán dóibh sa domhan nach bhfuil radharc air. Measaim go bhfuilim sa tseirbhís chéanna leis na healaí, agus mé tiomnaithe don dia céanna.

(i) Cad a insíonn an sliocht seo dúinn maidir le dearcadh Shócraitéas ar an mbás? (6)

(ii) Ón léamh atá déanta agat ar an téacs dualgais, luaigh sampla eile den dearcadh sin. (6)

(iii) Cad a insíonn an sliocht seo dúinn maidir le creideamh Shócraitéas faoin saol atá le teacht? (6)

(iv) Ón léamh atá déanta agat, déan cur síos ar nasc **amháin** a bhí ag Sócraitéas leis an dia, Apalló. (6)

(80 marc)

**Topaic 4: Micéiné agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó I gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**? Cad tá á chaitheamh aici, a deirtear?

(ii) Cé acu ceann de na tréimhsí seo a leanas ina raibh rath ar dhaingean Mhicéiné: an Chlochaois; an Chré-Umhaois; an Iarnaois?

(iii) Cad ba megarón ann?

(iv) Cén tábhacht a bhaineann le Wilhelm Dörpfeld i scéal na Traí?

(v) Cén t-ainm a thug na Gréagaigh agus muintir na Traí ar an gcaolas uisce taobh ó thuaidh den Traí?

(vi) Cé acu ceann de na naoi gcathair a aimsíodh ag Traí a chreid Schliemann gurbh í cathair Chogadh na Traí í? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar na himeachtaí ba chúis le Cogadh na Traí. (16)

(ii) Déan cur síos ar **dhá** fhionnachtain ag Hissarlik a thabharfadh le fios gur tharla Cogadh na Traí ansin. (8)

(iii) Luaigh **dhá** bhotún a rinneadh le linn thochailtí Schliemann ag an Traí. (8)

(*c*) Féach ar Fhótagraf **2** ar Pháipéar **X** a thaispeánann 'Vása an Laoich' as Micéiné agus freagair na ceisteanna thíos.

(i) Cad a insíonn an phéintéireacht seo dúinn faoi armúr Mhicéiné? (6)

(ii) Cad a insíonn sí dúinn faoi airm Mhicéiné? (6)

(iii) Cad is loirgneáin ann? (6)

(iv) Luaigh píosa fianaise seandálaíochta **amháin** eile ó Mhicéiné agus abair cén fáth a mbaineann tábhacht leis. (6)

(80 marc)

**[Thall**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithine.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh iad na Ballaí Fada?

(ii) Cén sórt colúin a thaispeántar i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cén ról a d'imir Féidias i dtógáil na hAcrapoil?

(iv) Cén fáth go díreach ar thóg na Gréagaigh teampaill?

(v) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**? Cá bhfeicfeá ceann ar an Acrapoil?

(vi) Cérbh é Kallikrates? (24)

*(b)* (i) Déan staidéar ar Fhótagraf **5** ar Pháipéar **X**. Meaitseáil na foirgnimh atá marcáilte A, B, C agus D leo seo a leanas:

An Partanón; an Erechtheum; Teampall Aitéiné Nícé; an Propylaea. (12)

(ii) Cérbh é Léig Dhéileas? Mínigh go hiomlán an ceangal idir fhorbairt Léig Dhéileas agus na teampaill ar an Acrapoil. (12)

(iii) Déan cur síos gairid ar an dealbh a bhíodh á coinneáil sa Phartanón. (8)

(*c*) (i) Tarraing léaráid chun na gnéithe ailtireachta seo a leanas a léiriú: meitipé; tríglif. (6)

(ii) Luaigh ceann **amháin** de na scéalta a thaispeántar ar mheitipéanna an Phartanón. (6)

(iii) Cá bhfeicfeá peidiméid ar an bPartanón? Tig leat léaráid a tharraingt mar chuid de do fhreagra. (6)

(iv) Cén fáth ar tugadh teampall 'peireacholúnach' (*peripteral*) ar an bPartanón? (6)

(80 marc)

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé a d'iarr ar Veirgil an **Aeinéid** a chumadh?

(ii) Cérbh é Sychaeus? Cé a mharaigh é?

(iii) Cé hé Iarbas?

(iv) Cén dia a gcuireann Veirgil Aeinéas i gcomparáid leis nuair a théann sé ag fiach in éineacht le Díodó?

(v) Cé a gcuireann Iúpatar é chun insint d'Aeinéas go gcaithfidh sé an Chartaig a fhágáil?

(vi) Déan staidéar ar Fhótagraf **6** ar Pháipéar **X**. Ainmnigh an carachtar sa bhád. (24)

(*b*) (i) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar Leabhar 2 den **Aeinéid**, déan cur síos ar cad a tharlaíonn do Laocoon. Mínigh cén fáth a dtarlaíonn sé seo. (10)

(ii) Cé a mharaíonn Priam? Cá maraítear é? (8)

(iii) Déan cur síos ar conas a choisctear ar Aeinéas Héilin a mharú. (8)

(iv) Ainmnigh an **triúr** a théann in éineacht le hAeinéas nuair a fhágann sé teach a athar. (6)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 12 den **Aeinéid**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nó stad ní dhearna Aeinéas sa tóir. Cé gur chuir créacht na saighde moill air; a chuid cos ag teip air uaireanta agus é gan bheith in ann rith, bhí sé ar lasadh le fraoch agus choinnigh sé go dlúth sna sála ar Turnus a bhí scanraithe, mar a bheadh madra seilge a sháinníonn fia fireann i lúb abhann, é ag teannadh go crua air lena rith agus a thafann. Tá an fia scanraithe ag an luíochán a bhfuil sé gafa ann ar bhruach ard na habhann. Ritheann sé agus ritheann siar ar mhíle bealach, ach coinníonn an gadhar leis gan staonadh agus a ghialla ar leathadh. Anois tá sé aige; anois dealraíonn sé é a bheith aige agus druideann na gialla de shnap, ach tá breall air agus alpann sé ar an aer folamh.

(i) Cad a insíonn an sliocht seo dúinn maidir le carachtar Aeinéas? (6)

(ii) Ón léitheoireacht atá ordaithe duit, tabhair sampla eile a thaispeánann Aeinéas á iompar féin ar an gcaoi chéanna. (6)

(iii) Dar leat, an cur síos maith ar an tseilg é an sliocht thuas? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar an **Aeinéid**, roghnaigh an tsamhail is fearr leat agus mínigh cén fáth a dtaitníonn sé leat. (6)

(80 marc)



[Thall

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le masc agus léiriú á dhéanamh in amharclann Rómhánach.

(ii) Cén baile ina bhfuil **An Saighdiúir Maíteach** suite?

(iii) Cén fáth a ndeachaigh Pleusicles go dtí Naupactus?

(iv) Cé hí Honoria?

(v) "Bhuel, ba chleas cóir é agus tá an ceart déanta". Cén carachtar a labhair na focail seo agus cén bhrí a bhí aige leo?

(vi) Cén jab a dhéanann Lurcio? (24)

(*b*) (i) Luaigh **dhá** rud a deir Artotrogus chun plámás a dhéanamh le Pyrgopolynices. Cén fáth a ndéanann sé é seo? (12)

(ii) Cé hé Periplectomenus? Conas a chabhraíonn sé leis an mbeirt leannán bualadh le chéile? (8)

(iii) Cén tuairim atá ag Periplectomenus maidir leis féin? (12)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **An Saighdiúir Maíteach** agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

PALAESTRIO: Ar an gcéad dul síos, mar sin, seo duit séad suirí.
PYRGOPOLYNICES: Céard é seo? Cad as ar tháinig sé?
PALAESTRIO: Ó bhean aoibhinn álainn, duine atá i ngrá leat agus a bhfuil dúil phaiseanta aici i do phearsa dhathúil. Ba í a cailín aimsire a thug an fáinne seo dom le tabhairt duit.
PYRGOPOLYNICES: Cén sórt mná í? Saorchlannda, nó sclábhaí saortha?
PALAESTRIO: Huth! An amhlaidh go mbeinn ag tabhairt teachtaireachtaí chugat ó bhean shaortha, nuair atá níos mó ban saorchlannda ag rith i do dhiaidh ná mar is féidir leat déileáil leo!

(i) Cad é an séad suirí a bhfuil tugairt dó sa sliocht seo? (6)

(ii) Cé hí an 'bhean aoibhinn álainn' a ndéanann Palaestrio tagairt di? (6)

(iii) Cén bhrí atá ag Pyrgopolynices le 'Saorchlannda, nó sclábhaí saortha'? (6)

(iv) Cad a insíonn an sliocht seo duit maidir le dearcadh Palaestrio i leith Pyrgopolynices? (6)

(80 marc)

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó mar fhreagra ar gach ceist. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh **beirt** de na mná céile a bhí ag Caesar.

(ii) Cén fáth ar thosaigh Caesar ag caoineadh agus stair Alastair Mhóir á léamh aige?

(iii) Cad a mhol Caesar go ndéanfaí leis na fir a raibh baint acu leis an gComhcheilg Chaitilíneach?

(iv) "Caitear na díslí." Cén bhrí a bhí ag Caesar leis na focail seo?

(v) Conas a chuir Cléópatra í féin in aithne do Chaesar?

(vi) Cad a rinne na seanadóirí láithreach mar fhreagra ar bhás Chaesar? (24)

(*b*) (i) Rinneadh comhghuaillithe de Chaesar agus Phoimpéas sa bhliain 60 R.Ch. Abair conas a tharla an chomhghuaillíocht sin. (12)

(ii) Cad a chuir scoilt eatarthu? (8)

(iii) Cad iad na tréithe de chuid Chaesar a bhfuil meas agat orthu? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (12)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Titim Phoblacht na Róimhe** le Plútarc, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ba sna cúinsí sin a thosaigh daoine ag smaoineamh ar Mharcas Brutus. Ar thaobh a athar, measadh gur de shliocht an Brutus sin é a chuir deireadh leis an monarcacht anallód; ar thaobh a mháthar shíolraigh sé ó theaghlach cáiliúil eile, na Servilii. Bhraith Brutus anois go raibh Caesar á iompar féin mar a bheadh rí ann, ach ba leasc leis aon cheo a dhéanamh faoi i ngeall ar na honóracha agus an ngaraíocht a fuair sé ó Chaesar. Ní hamháin gur ligeadh a mbeo leis féin agus le cuid mhaith dá chairde ar a achainí siúd ag Pharsalus tar éis theitheadh Phoimpéas; ba dhuine é freisin a raibh muinín ar leith ag Caesar as. Bhí sé tar éis an phraetóireacht ba thábhachtaí a fháil don bhliain seo féin agus bhí sé le bheith ina chonsal trí bliana níos déanaí.

(i) Cérbh iad sinsir Mharcas Brutus de réir an tsleachta seo? (4)

(ii) De réir an tsleachta, conas a chaith Caesar le Marcas Brutus tar éis Chath Pharsalus? (6)

(iii) Dar leat, ar iompair Caesar é féin mar a bheadh rí ann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iv) Conas a fuair Marcas Brutus bás? (6)

(80 marc)



[Thall

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chuid de theach Rómhánach a thaispeántar i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**?

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **8** ar Pháipéar **X**. Cén t-ainm atá ar an mball éadaigh gorm?

(iii) Cén obair a rinne úcaire?

(iv) Cad a rinne na *duoviri*?

(v) Cén réigiún ina bhfuil Poimpé le fáil?

(vi) Cad lena aghaidh na míreanna a thaispeántar i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**? (24)

(*b*) (i) Ainmnigh **dhá** cheann de na folcadáin phoiblí i bPoimpé. (4)

(ii) Ainmnigh **ceithre** sheomra nó cheantar i dteach folcadáin tipiciúil Rómhánach. (8)

(iii) Déan cur síos ar na gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le **gach** ceann de na **ceithre** seomraí nó na ceantair atá luaite agat. (20)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as litir Plinias chuig a chara Tacatas, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Beannachtaí,
D'iarr tú orm scríobh faoi bhás m'uncail ionas go mbeifeá in ann cuntas cruinn a thabhairt air i do leabhar. Bhí sé ag Misenum agus é i gceannas ar an gcabhlach. An 24 Lúnasa a bhí ann. Bhi m'uncail tar éis bheith ina luí faoin ngréin. Ghlac sé folcadh fuar ina dhiaidh, luigh síos le haghaidh mionbhéile agus ansin chuaigh i mbun oibre ar a chuid leabhar. Thart ar an seachtú huair dúirt mo mháthair leis teacht agus breathnú ar scamall aisteach a raibh méid ollmhór ann, a bhí le feiceáil sa spéir. Bhí an scamall ag éirí suas ó cheann de na sléibhte. Bhíomar rófhada uaidh chun cibé ceann a fheiceáil ach fuaireamar amach níos déanaí gurbh é Vesuvius é. Bhí an scamall díreach mar a bheadh crann péine scáth báistí. D'éirigh sé suas sa spéir ar sórt stoic aird agus ansin roinn sé é féin ina ghéaga. Measaim gurbh é ba chúis leis ná gur iompar sinneán aeir é, a chuaigh in éag agus ansin a thit siar – nó b'fhéidir gur éirigh an scamall róthrom agus gur thug sé uaidh faoina mheáchan féin. Uaireanta bhí dath gealbhán air, uaireanta bhí sé smeartha agus smúitiúil, ag brath ar cé acu ar iompair sé luaith nó cré leis.

(i) Cén fáth a bhfuil Plinias ag scríobh chuig a chara Tacatas? (4)

(ii) Sainaithin **dhá** rud a insíonn Plinias dúinn faoin scamall a bhí ag éirí os cionn Vesuvius. (8)

(iii) An mbaineann tábhacht leis an eolas sa sliocht seo sa lá atá inniu ann? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iv) Taispeánann Fótagraf **10** ar Pháipéar **X** dealbh a rinne an seandálaí Giuseppe Fiorelli. Conas a rinne Fiorelli dealbh dá leithéid sin? (6)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é an príomhjab a bhí ag an saighdiúir a thaispeántar i bhFótagraf **11** ar Pháipéar **X**?

(ii) Cén obair a bhí le déanamh ag Maor Campa (*praefectus castrorum*)?

(iii) Luaigh ceann **amháin** de na gealltanais a thug earcach léigiúnach nuair a thug sé an mionn.

(iv) Taispeánann Fótagraf **12** ar Pháipéar **X** dhá chlogad Rómhánacha. Luaigh **dhá** ghné chosanta a bhain le clogaid dá leithéid.

(v) Cérbh é an Garda Praetóireach?

(vi) Cérbh é Mitras? (24)

(*b*) Tá léigiún Rómhánach ar tí aghaidh a thabhairt ar na Ceiltigh i gcath mór.

(i) Déan cur síos ar an ghnáthamh a thiteann amach roimh an gcath. (8)

(ii) Déan cur síos ar na modhanna ionsaithe agus ar an airtléire a mbaineann na Rómhánaidh leas as le linn an chatha. (16)

(iii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhféadfaí pionós a ghearradh ar na saighdiúirí Rómhánacha. (8)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **13** ar Pháipéar **X**, a thaispeánann dún Rómhánach agus freagair na ceisteanna thíos.

(i) Mínigh conas a roghnófá suíomh do dhún cosúil leis seo. (6)

(ii) Ainmnigh **dhá** cheann de na foirgnimh a bheadh le fáil agat taobh istigh de dhún. (6)

(iii) Luaigh **dhá** uirlis nó ghléas a d'úsáidfeá chun dún a thógáil. (6)

(iv) Luaigh **dhá** ghné chosanta a bhaineann le dún. (6)

(80 marc)

# Leathanach Bán